**Ráiteas ón mBord Pleanála ar chinntí maidir le fuinneamh in-athnuaite**

**15 Eanáir 2025**

Mar chomhlacht náisiúnta neamhspleách, gníomhaíonn an Bord Pleanála ar mhodh neamhchlaon oscailte chun a chinntiú go n-urramaíonn forbairtí fisiciúla agus mórthionscadail bhonneagair in Éirinn na prionsabail um fhorbairt inchothaithe, lena n-áirítear cosaint an chomhshaoil. Is de réir ár róil reachtúil agus an bheartais Rialtais a dhéantar cinntí.

Déanann an Bord cinneadh ar gach iarratas ar bhonn fhiúntas an iarratais agus de réir na gceanglas dlí agus beartais is iomchuí. Is é atá i ngach cinneadh agus sa chomhad pleanála lena mbaineann ná an fhaisnéis ar fad ar ar a bonn a dhéantar an cinneadh.

Tá an Bord Pleanála ag obair le bliain anuas chun an riaráiste cásanna a ghlanadh go mór, agus tá foireann iomlán comhaltaí ag an mBord anois chun déanamh amhlaidh. Tá méadú suntasach tagtha ar an líon cinntí i réimse an fhuinnimh in-athnuaite.

Sna blianta 2023 agus 2024, rinne an Bord Pleanála cinneadh ar 69 gcás a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite (46 chás a bhaineann le fuinneamh gaoithe agus 23 chás a bhaineann le grianfheirmeacha).

Tá an miondealú mar a leanas:

**Fuinneamh Gaoithe – Forbairt Bonneagair Straitéisigh**

Sna blianta 2023 agus 2024, rinneadh 16 chinneadh ar iarratais ar fhorbairtí bonneagair straitéisigh a bhaineann le fuinneamh gaoithe.

Deonaíodh cead do 11 cheann díobh, a chuimsíonn thart ar 168 nGineadóir Tuirbín Gaoithe ag a bhfuil aschur 980 MW nó mar sin.

Diúltaíodh cead a dheonú do chúig cinn, agus ba ar chúis aonair a bhaineann le beartas an Phlean Forbartha áitiúil a diúltaíodh do cheann amháin díobh sin.

Rinneadh seacht gcinneadh eile ar leasuithe ar cheadanna a bhí ann cheana.

**Achomhairc phleanála a rinneadh chuig an mBord Pleanála i leith feirmeacha gaoithe**

Sna blianta 2023 agus 2024, rinneadh 30 cinneadh ar ghnáthachomhairc phleanála a bhaineann le hiarratais ar fheirmeacha gaoithe.

Deonaíodh cead do 14 cinn díobh, a chuimsíonn thart ar 58 nGineadóir Tuirbín Gaoithe ag a bhfuil aschur 280 MW nó mar sin. Ba é an tÚdarás Pleanála áitiúil a dhiúltaigh do sheacht gcinn díobh ar an gcéad ásc.

Diúltaíodh do 15 cinn díobh. Ba ar roinnt cúiseanna éagsúla a diúltaíodh do naoi gcinn, agus ba ar chúis aonair a bhaineann le beartas an Phlean Forbartha áitiúil a diúltaíodh do shé cinn.

Rinneadh cinneadh scoilte amháin, ar ina leith a deonaíodh cead do Ghineadóir Tuirbín Gaoithe amháin agus a diúltaíodh do dhá Ghineadóir eile.

Rinneadh trí chinneadh eile ar leasuithe ar cheadanna a bhí ann cheana.

**Grianfheirmeacha - Gnáthiarratais Phleanála**

Rinneadh 23 chinneadh ar achomhairc a bhaineann le grianfheirmeacha.

Deonaíodh cead do 22 cheann díobh agus diúltaíodh do cheann amháin eile.

I gcás an 22 achomharc ar deonaíodh cead dóibh, ba é an tÚdarás Pleanála áitiúil a dhiúltaigh do chúig cinn díobh ar an gcéad ásc.

Rinneadh ocht gcinneadh eile ar leasuithe ar scéimeanna ceadaithe nó ar shíntí leo.

Leanaimid le hobair trínár n-ualach cásanna, lena n-áirítear 16 achomharc pleanála a bhaineann le forbairtí bonneagair straitéisigh (aistrithe ó na Cúirteanna san áireamh), 15 achomharc pleanála a bhaineann le feirmeacha gaoithe (aistrithe agus leasuithe san áireamh) agus deich gcás a bhaineann le Grianfheirmeacha (leasuithe san áireamh).